# Guth Ghoill

Luach € 1.50




Seo cuid de na páistí a ghlac páirt i gCampa Samhraidh Chéim Aniar i mbliana.

Tuilleadh pictiúr ar Leathanach 4

## Seoladh Leabhar Jack "Ar Toinn is ar Tír"

*Seo scéalta agus seanchas a scríobh Jack Mac Pháidín, nach maireann, faoin choimhlint sa tsean-am idir muintir Leithinis Ros Goill agus an fharraige is an aimsir, chomh maith le cur síos ar chuid de na daoine cróga, dána agus, i gcásanna áirithe, mithrócaireacha, a raibh tionchar acu ar mheon agus ar shaol na ndaoine san am a chuaigh thart.*


*I gColáiste Gaeilge Ros Goill,*
*Na Dúnaibh, Tír Chonaill*
*ar an Aoine,*
*26ú Deireadh Fómhair*
*ag 8.00 i.n.*

*Beidh athaontú Choláiste Gaeilge Ros Goill ann ar an oíche agus beidh neart ceoil, craic agus damhsa!*

**Fáilte Roimh achan duine.**

Beidh an Leabhar le fáil in Oifig Chéim Aniar.
Luach: €15.00

Údarás na Gaeltachta
Foras na Gaeilge



# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

Campa Samhraidh
Seoladh Leabhar Jack ........................ 1

Clár ........................................................... 2

Féile Lughnasa in Ros Goill ............. 3

Imeachtaí Chéim Aniar ..................... 4

Ag Féachaint Siar ............................. 6

In Airde sa Spéir ................................ 8

Coiste Forbartha Mhíobhaigh
Turas go hÁrainn Mhór ................... 9

Feadaímó ................................................ 11

Coiste Forbartha Charraig Airt
Nuala na gCuacha Buí ................... 13

Muintir Phaidí Óig ............................. 14

An Gunna Mór ...................................... 15

Príomhshráid na nDúnaibh ............ 16

# *Fúile Lughnasa in Ros Goill sa tsean am.*



*Cnoc an Mharcaigh ó bharr*

*Cosúil le Féile na Cásca, Oiche Fhéile Eoin, Féile na Samhna agus An Nollaig, bhí tábhacht mhór ag baint le Féile Lughnasa i gceantar Ros Goill. Ag tús Mí Lughnasa a ceiliúradh an fhéile seo mar chomóradh ar dheireadh an tsamhraidh agus tús an fhómhair. 'Sé Gáinne Mór an áit a dtiocfadh an mhuintir óga le chéile leis an chéiliúradh agus an spórt a bheith acu.*

*Bhí sean fhothrach ar bharr Gáinne, áit a mbíodh carnán cloch go dtí le gairid. Suas go dtí tús an naoú céad déag, chruinneodh an mhuintir óga uilig i gcuideachta a chéile i ndiaidh meánlae ar an chéad Domhnach den fhómhair. Ní raibh cead ag seanduine ar bith a dhul in airde ar an chnoc ar an lá seo. Nuair a théadh an mhuintir óga go barr an chnoic, bhíodh "oscailt oifigiúil" ar an fhéile. Théadh an té a ba shine acu chuig an tsean fhothrach agus deirtí cúpla focal le tús a chur leis na himeachtaí. Ligtí amach scréad agus scairt ó a raibh i láthair, agus ansin, thosaíodh an ceol agus an damhsa. Bhíodh comórtas damhsa idir na stócaigh óga uilig, agus bhíodh sé de chead ag an bhuaiteoir a rogha de mhná óga a bheith aige mar bhean chéile. Is ansin a thosaíodh an troid agus deirtear gur chuir an sagart paróiste deireadh leis an fhéile as siocar an troid seo. Chaitheadh achan duine a théadh suas an cnoc bláth i mball dá gcuid éadaí agus ansin chuirtí na bláthanna uilig isteach i bpoll agus chuirtí créafóg anuas sa mhullach orthu mar chomhartha go raibh deireadh leis an t-samhradh. Thagadh an mhuintir óga anuas ansin go dtí áit ar a dtugtar Cnoc an Mharcaigh, áit a mbíodh cluichí iománaíochta agus caitheamh méacháin acu. Ansin bhíodh rásaí beithigh (capaill) acu ar Chnoc an Mharcaigh.*

*Tá an t-ainm seo ar an áit go dtí an lá atá inniu ann agus tá sé suite i mbaile fearainn Chluain tSaileach agus ar an teorainn le Baile na Deora.*

*Cuireadh deireadh leis an lá le féasta de phréataí brúite agus bheirtí cúpla sífín de chochán glas don eallach le iad a choinneáil i mbarr a sláinte don chuid eile den bhliain. Go minic, bhíodh tréimhse d'fhearthainn throm ann fan am seo den bhliain agus bheirtí "bailc na Lughnasa" ar an fhearthainn seo. Bhíodh "Aonach na Lughnasa" i gCarraig Airt dhá lá ina dhiaidh seo.*

*Rinneadh tagairt do chuid de na h-imeachtaí seo i gclár an chéad léiriú de "Dancing at Lughnasa" le Brian Friel, tráth ar cuireadh ar an ardán é don chéad uair in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath.*

*Rinneadh ceiliúradh fosta ar an fhéile ag Loch an Charnáin atá suite idir Bhaile na Deora agus An Glíob, agus bhí an gnás ann fosta cloch a chur leis an charnán clocha a bhí ar bharr an chnoic seo cheana féin. Thíos faoi Loch an Charnáin tá áit ar a dtugtar Lag an tSean Chró agus bhíodh damhsa agus ceol ann le Féile Lughnasa a chéiliúradh.*

*Achan seans go raibh a leithéid i mbailte eile sa pharóiste agus má tá eolas agat faoi cuir isteach é chuig Coiste Céim Aniar. Tá sé tábhachtach don cheantar go scríobhtar síos rudaí mar seo agus go gcoinnítear iad mar chuid de stair, de chultúr agus d'oidhreacht shaibhir na háite le cur ar aghaidh chuig an chéad ghlún eile.*

*Má tá suim agat i bhféile Lughnasa, tá sé agus a thuilleadh lena chois le fáil i leabhar Mháire Mac Neill " The Festival of Lughnasa" a foilsíodh i 1962.*

*Buíochas do Cary Meehan as an chuidiú don alt seo.*

*Nóirín Goulding.*

# Imeachtaí Céim Aniar



## Campa Samhraidh 2007

Seo an ceathrú bliain as a chéile a reáchtáil Céim Aniar Campa Samhraidh do pháistí in Ionad C.L.G. na nDúnaibh agus mar atá le feiceáil ó na grianghraif bhí muid ámharach leis an aimsir arís i mbliana. Socraíodh go mbeadh campa amháin



coicíse againn ón 23ú Iúil go dtí 3ú Lúnasa agus d'éirigh thar barr leis. Bhí an campa seo oscailte do pháistí bunscoile idir sé bliana agus dhá bhliain déag d'aois, mar aon le teaghlaigh a bhfuil Gaeilge acu agus a thagann anseo ar saoire agus atá ag iar-raidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh.

Seachtó páiste ar fad a ghlac páirt. Bhí lúcháir orainn go raibh líon



mhór páistí ansin ón tuaisceart, ó Bhaile Átha Cliath agus ó áiteanna eile ar fud na tíre agus an Ghaeilge bhreá a bhí ag cuid acu.
Bhí réimse leathan imeachtaí ann, taobh istigh agus amuigh faoin spéir: scéalaíocht, comhrá, ceol, damhsa, ealaín





agus ceird, peil, rásaí, bailiú sliogán agus imeachtaí ar an trá. Tá sé iontach tábhachtach na himeachtaí seo ar fad a bheith go hiomlán i nGaeilge agus sin mar a bhí sé.
Bhí comórtas thógáil caisleán againn agus bhí sé deas na páistí a fheiceáil ag obair go díograiseach lena chéile i bhfoirne. Chuir na páistí seó beag le chéile ag deir-



eadh na seachtaine agus tugadh cuireadh do na tuismitheoirí teacht isteach ar an lá. Dúirt siad uilig dán, agus bhí Amhránaíocht, Ceol agus Damhsa Gaelach ann



chomh maith. Bhain achan duine sult as an seó agus ansin bronnadh teastas ar gach páiste. Bhí duaiseanna speisialta do na páistí a rinne iarracht mhór an Ghaeilge a



chleachtadh. Maith sibh a pháistí.





*Cuireadh tús leis na ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, agus leis na ranganna Dioplóma sa Ghaeilge arís in Áras Ros Goill ar na mallaibh. Tá os cionn daichead ag freastal ar na ranganna Gaeilge atá bunaithe ar Theastas Eorpach na Gaeilge agus ocht nduine dhéag idir an dá rang Dioplóma. Tá dhá rang ar siúl do dhéagóirí i mbliana fosta agus tá na ranganna seo dírithe níos mó ar an obair atá á déanamh acu ar scoil.*









*Seo thuas cuid de na páistí atá ag freastal ar na ranganna uirlisí ceoil atá á reáchtáil ag Céim Aniar in Áras Ros Goill achan Déardaoin. Sa phictiúr ar dheis tá Siún Uí Ghallchóir, múinteoir an ranga.*

## Ag Féachaint Siar.

Ní raibh na siopaí mar atá siad sa lá inniu. Bhí achan rud ar chúl an chuntair i gcásanna, i mboscaí, i gcannaí, i bprócaí (jars), nó i málaí. D'iarrfá builín aráin, "plain" nó "pan", agus ní raibh sé gearrtha ina shlisíní. Gheofá ceathrú tae, líonfaí é amach as "tea chest" le sluasaid bheag agus líonfaí punt siúcra amach as mála le sluasaid bheag eile, agus ceathrú puint milseáin i mála beag páipéir. Dhéanfaí beart d'earraí móra, chlúdódh siad iad i bpáipéar donn agus cheanglódh siad iad le téad. Bhí cuid mhór daoine nár dhíol fá choinne a gcuid earraí ar an bpointe ach scríobhadh an siopadóir na hearraí agus a luach, leis an dáta, síos i leabhar agus dhéanfaí an bille a shocrú ag deireadh na seachtaine. Is iomaí ualach trom a thógfaí 'na bhaile, go háirithe nuair a bheadh cloch phlúir agus galún ola i gceist. Bheadh an t-ola de dhíth fá choinne an lampa ola nó an "tillie" nó an sorn. Is minic a bheadh ort dul 'na tsiopa trí nó ceithre uaire i ndiaidh a chéile leis na hearraí uilig a thabhairt 'na bhaile. Agus nuair a bhíodh sin déanta agat, chaithfeá dul fhad leis an tobar trí nó ceithre uaire eile agus buicéad in achan lámh le huisce a thabhairt 'na bhaile le hól, fá choinne tae nó brachán a dhéanamh, le prátaí a ní agus a bhruith, le cócaireacht a dhéanamh, le headaí a ní, le hurláir agus ballaí agus tú fhéin agus an teaghlach a ní.

Chaitheadh muintir an tí toiseacht ar na lampaí a dhéanamh réidh go luath, go háirithe sa gheimhreadh. Thosódh siad leathuair, ar a laghad, roimh an dorchadas, mar bhí orthú na lampaí a líonadh le hola agus amharc ar na "wicks" agus na "mantles" i gcás an "tillie". Bhí orthu na tillies a theannadh ag tús agus ansin b'fhéidir achan trí cheathrú uaire i rith na hoíche. Bhain siad úsáid as coinnle fosta roimh theacht an leictreachais sa bhliain 1954. Mura ndéanfá na "tillies" a theannadh, rachadh an solas i laige go dtí go rachadh sé as ar fad.





Bhí an-áthas agus lúchair ar chuid mhór daoine go raibh an leictreachas ag teacht ach bhí dream eile a raibh eagla orthu go mbeadh sé róchontúirteach ar fad, agus baicle eile a shíl go mbeadh sé i bhfad ródhaor dófa, agus is iomaí teach a dhiúltaigh é ar fad sna chéad bhlianta. Tá cuimhne mhaith agam fhéin ar dhá uncal de mo chuidse a chuir na sreanganna uilig fríd an teach s'againne. Níl cuimhne ar bith agam ar an teach ag dul ar thine ach oiread, cé nach leictreoirí ar bith a bhí iontu.

Ba ghnách linn dul ag cruinniú sméar dubh ag tús an Fhómhair. Bheadh cannaí "sweetie cans" againn ár ghnách linn bainne a iompar iontu agus muid ar ár ndícheall ag bailiú na sméar le tabhairt 'na bhaile chun go ndéanfaí subh astu. Is iomaí dealg a fuair muid sáite

isteach inár gcuid lámh ó na driseoga agus tá seans ann go raibh níos mó sméara dubha abhaile linn inár mboilg ná mar a bhí sa channa! Bhí na cúil faiche i gcónaí ag baint dúinn, creidim mar go raibh muid de shíor ag imirt amuigh fríd cuibhrinn agus áiteanna cosúil leofa agus ba nimhneach an rud é an chealg a chuirfeadh cúl faiche ionat, ach má bhí fhéin, ní rófhada ar shiúl a bhí an leigheas fána gcoinne, mar áit ar bith a d'fhásfadh cúl faiche, bhí an chopóg le fáil i ngiorracht dó agus chuimil muid an chopóg ar an chealg chun é a leigheas.

Ní mó ná go raibh séasúr na sméar dubh thart go raibh tú istigh i séasúr na gcnónna. Ba ghnách linn imeacht go dtí an choill bheag ina raibh crainn coill ag fás, lenár málaí scoile (gan na leabhair ar ndóiche) agus iad a líonadh chomh gasta agus a thiocfadh linn. Dá n -éireodh muid tuirseach de na cnónna (mar bheadh muid ansin ar feadh trí nó ceithre uaire an chloig) thosódh muid ag imirt cluichí "Dul i bhfolach" nó "Cowboys and Indians", mar ba tiubh an áit ina raibh muid – dar linn go raibh muid sa dufair (Jungle), nó sna "Rockies", mar ba bhreá an shamhlaíocht a bhí againn. Ba é seo cuid den ullmhúchán fá choinne Oíche Shamhna agus is cinnte gur ghoid muid traidhfil úll as úllord nó gairdín ar bith a bhí i bhfogas dúinn fosta! Nuair a thagadh an oíche mhór í fhéin bhí muid tógtha go mór mar ní hé amháin go n-imreodh muid na cluichí uilig sa bhaile an oíche sin, ach fiú amháin bhí cead againn iad a imirt ar an scoil fosta ar feadh tamaill i rith an lae. Bheadh úlla, cnónna, milseáin, bairín breac agus líomanáid againn. An té a gheobhadh an fáinne sa bhairín breac, ba é/í ba luaithe a phósfadh. D'imir muid "dallamullóg", thum muid sa bháisín uisce fá choinne réal nó, scilling nó toistiún, nó fá choinne úll. Chroch muid úll ón síleáil agus thug muid iarraidh plaic a bhaint as lenár lámha ar chúl ár ndroim. Thagadh cuid de na comharsana, nach raibh páistí ar bith fán teach acu, isteach leis an chraic a fheiceáil agus thabharfadh siad airgead nó úlla duit.

Chuala mé fá bhuachaillí óga a chuaigh thart an oíche sin ag tarraingt cáil amach as gairdíní agus á gcaitheamh isteach ag doirse chuid de na comharsana cancracha, agus corr uair ba ghnách geaftaí a thógáil ón áit ina mbíodh siad crochta agus á gcur i bhfolach le diabhlaíocht. Ba ghnách le daoine bia a fhágáil ar leataobh, nó áit breise a fhágáil ag an tábla Oíche na Marbh, mar chreid siad gur tháinig anamacha na marbh ar ais an oíche sin. Ba lá gnóthach an lá dar gcionn: Féile na Marbh. Bhí trí altóir i dTeach Pobail an pharóiste agus bhí cead ag sagairt trí Aifreann a léamh an lá sin. Mar sin, bhí sraith Aifrinn ar siúl ag achan cheann de na trí altóir agus bhíodh na sluaite a bhfreastal, agus iad amach agus isteach go doras an tseipéil an méid a bhí ina gcosa, mar bhí logha (indulgence) le fáil ar achan chuairt agus tú ag guí ar son na Marbh. Ansin bhí tuilleadh daoine agus iad idir an reilig agus an séipéal mar bhí logha níos mó le fáil dófa siúd a thug cuairt ar uaigh na mairbh an lá sin, agus na bruacha coinnle lasta i gcuimhneachán na marbh i dteach an phobail.

Bhíodh muid inár suí go luath lá an phortaigh. Bheadh Mamaí ag déanamh ceapairí agus flascanna tae, chomh maith le bheith ag iarraidh bricfeasta a dhéanamh réidh. Bheadh Daidí amuigh ag cur an trealaimh agus ag cur na gcliabh ar na hasail. Nuair a bhíodh achan rud réidh bhuaileadh muid an bóthar i dtrátha a sé a chlog, mar bhíodh aistear ocht nó naoi míle againn sula sroichfeadh muid portach an Ghleanna Ard. Rachadh muid i gcionn oibre ansin, Daidí no duine de na fir ag baint leis an sleán, duine nó beirt de na páistí ag caitheamh amach agus arís mná nó páistí ag cróigeadh (footing), ag tiontú nó ag déanamh cruacha, ag brath ar cad é a bhí le déanamh. Obair mhaslach a bhí ann de shíor ag cromadh, ag tógáil, ag caitheamh, ag cróigeadh agus ag déanamh malairt oibre ó am go h-am chun faoiseamh beag a fháil. Ach nuair a shuíodh muid síos sa deireadh lenár gcuid a dhéanamh, ní raibh blas níos deise ar bhia an rí nó mar a bhí ar an bhia a d'ith muidne in aer glan an phortaigh. Ba mhinic a chruthaigh muid fadhb do Dhia. Bhí uaireanta ann a bheifeá ag achainí ar Dhia an fhearthainn a dhoirteadh anuas ar an phortach (cuir i gcás go raibh tú ansin tráthnóna éigin agus cluiche peile le himirt sa bhaile). Ag an am chéanna bheadh d'athair ag guí chuig Dia tráthnóna tirim a thabhairt do, sa dóigh go bhfaigheadh sé an mhóin abhaile tirim. Bhí Dia i gcruachás! Dá olcas an fhearthainn ba mheasa i bhfad na míoltóga. Bheadh leisce ar dhaoine an portach a fhágáil i ndiaidh theacht an fhad sin agus mar sin de d'fhanfá ansin go mbeifeá tú ite acu, de ghnáth. Ach corruair ní raibh an dara suí sa bhuaile ann agus chaithfeá an áit a fhágáil acu – díomá ar an tseanmhuintir agus áthas ciúin, ceilteach ar an aos óg! Ná bí den bharúil go raibh achan rud i gceart leis an saol sna laethanta sin. Cuireann sé corraí orm go fóill nuair a smaoiním ar nós amháin a bhí coitianta go leor sa dúiche; 'sé sin nuair a bhíodh baicle fear ag teacht 'na bhaile ón phortach, go rachadh siad isteach i dteach leanna agus go bhfágadh siad na hasail bhochta ina seasamh ceangailte uair i ndiaidh na huaire agus ualach trom móna in achan chliabh. Agus ansin corruair chífeá fear ag teacht amach, b'fhéidir leathólta agus mura mbogfadh an t-asal bocht, thosódh sé ar dhrochíde a thabhairt don chréatúr bhocht le bata. Rud cruálach eile a ba ghnách tarlú ná go mbíodh na hasail ag dul thart agus na crúba chomh fada sin orthu go mbíodh siad ag éirigh casta agus ag lúbadh suas i dtreo a nglúine. Agus tharlaíodh seo mar go mbíodh an lucht ar leo iad ró fhalsa nó neamhchúramach leis na crúba a ghearradh mar ba chóir!



# In Airde Sa Spéir.



I lár na seascaidí shocraigh mé a dhul anonn go Londain fá choinne tréimhse. I ndiaidh trí mhí a chaitheamh ag cineálacha éagsúla oibre - tamall ag obair i monarcha, agus tamall eile ag náibhíocht smaoinigh mé gur dheas an rud é a bheith i mo shiúinéir (carpenter). 'Sé an chéad rud a rinne mé ná bosca breá a dhéanamh do mo chuid uirlisí agus caithfidh sé go raibh méid bhreá ann mar ba ghnách le cuid de na fir chliste a bhí fá Londain a rá liom ar maidin. 'I see you've brought your coffin with you'! Leis an chineál seo cainte in mo chuid cluasa cha raibh mé i bhfad ag cailleadh cibé nóisean a bhí i mo cheann faoin tsiúinéireacht agus thosaigh mo chuid súile ag casadh i dtreo na spéire agus an crann tógála (crane) mór ard a bhí ag dul as amharc sna scamaill ar an suíomh tógála a raibh mé ag obair air. 'Anois nach mbeadh obair den chineál seo i bhfad níos dúshlánaí agus níos suimiúla' arsa mise liom fhéin. Rinne mé roinnt fiosrúchán agus ba é bun agus barr an scéil ná gur cuireadh mise faoi chúram fir a raibh taithí na mblianta aige ina shuí thuas i gcábán beag ar bharr cheann de na hinnill seo.
Is cuimhin liom go maith an chéad lá a rinne mé mo bhealach suas an dréimire ag tarraingt ar an chábán beag sin sa spéir. Ghlac sé tamall orm mé féin a tharraingt le chéile agus tabhairt faoi. 'Sé an rud is mó a thiomáin mé anois ná nach dtiocfadh liom a shásamh a thabhairt don fhear seo, go raibh mé ar dhóigh ar bith critheaglach de thairbhe go ndeachaigh mé ag lorg na hoibre seo sa chéad áit. D'imigh mé liom cibé, céim ar chéim agus duine ar bith a chonaic mise an mhaidin sin shílfeadh siad go raibh cleachtadh na mblianta agam ar an dréimire. Ach ní sin an dóigh a bhí mise ag mothú taobh istigh agus ar an drochuair dom féin cad é a rinne mé nuair a bhí mé thart fá leathbhealaigh suas ach amharc síos, rud a bhí thar a bheith amaideach! Bhain an radharc an croí asam ach ní raibh tiontú ar ais ar bith ann agus nuair a bhain mé ceann scríbe amach bhí mé ar maos i mo chuid allais. Tháinig mé chugam féin in achar ghoirid agus bhain mé lán mo dhá shúil as an radharc iontach a bhí sínte fúm, ní dhéanfaidh mé dearmad a choíche ar an radharc sin - cathair Londain spréite amach romham.
Ach istigh i mo chroí bhí a fhios agam go gcaitheann cibé a théann suas a theacht anuas agus leoga ní raibh an teacht anuas a dhath níos socharaí ar an chroí ná mar a bhí an dul suas. Ach bhí intinn shuaimhneach agam i ndiaidh an chéad lá sin mar bhí a fhios agam go raibh an chéad choiscéim glactha agam ar mo bhealach in airde sa tsaol!
Ní raibh mórán den Bhreatain nach bhfaca mise le linn na mblianta a chaith mé mar thiománaí crainn tógála mar gur obair mé ó cheann ceann na tíre sin, ag obair ar chonarthaí idir bheag agus mhór. Bhí a lán cineálacha éagsúla crainn tógála ann. Bhí réimsí airde iontu ó 200tr. go dtí 600tr. agus sna blianta deireanacha bhí córas ríomhaireachta iontu fosta. Dár ndóigh nuair a bhíonn tú thuas sa spéir ag an airde sin beireann an ghaoth ort agus caithfidh mé admháil go raibh roinnt uaireanta i rith an ama sin ar cuireadh an fionnadh ina sheasamh ar mo mhuineál. D'fhéadfadh an crann tógála luascadh dhá mhéadar i dtreo ar bith nuair a bheadh séideán maith gaoithe ann. Mar sin de bhí amanna ann a raibh cosa farraige riachtanach!
Ach bhíodh amanna fosta a dtiocfadh leat a bheith ar do sháimhín só. Nuair a bhíodh an crann tógála díomhaoin chuirinn síos an citeal agus shuínn ansin ag éisteacht leis an raidió agus ag amharc ar an saol mór ag imeacht faoi dheifir thíos fúm. Ba radharc eile a bhí ann ar an domhan nach bhfaigheann mórán daoine deis a fháil, an chine dhaonna agus iad mar a bheadh seangáin ann agus an trácht mar a bheadh bréagáin ann. Sin mar a bheinn go dtí go dtiocfadh treoracha ón talamh chugam ar an raidió. Ba é an t-aon chuairteoir a bhí agam na blianta sin a chaith mé sa spéir ná préachán a ba ghnách fuinneog an chábáin a bhuaileadh lena ghob nuair a bhíodh sé ag lorg píosa de mo lón.
Bhí amanna ann dár ndóigh a bhí leadránach agus a rachadh an t-am thart go mall. Bhíodh orm suí sa chábán ar feadh tréimhsí fada nuair a bhíodh na h-oibrithe ar an talamh ag líonadh coincréite. Ní raibh a dhath níb fhearr a thiocfadh liom déanamh sna cásanna seo ná éisteacht leis an raidió agus amhráin a cheol.
Bhí amanna eile ann a mbíodh orm obair dhallta a dhéanamh, seo nuair nach mbínn ábalta an obair a bhíodh le déanamh ar an talamh a fheiceáil agus bhínn faoi smacht ag treoracha a thigeadh ó fhear le raidió láimhe ar an talamh. Sna cásanna seo chaithfinn m'intinn a dhíriú isteach go cúramach ar an obair a bhí le déanamh mar go mb'fhéidir go mbeadh ábhar éigin a bheadh suas le ceithre thonna dhéag i meáchan le cur ina shuí i gcoirnéal chúng éigin. Ní thiocfaí neamart a dhéanamh sna cásanna seo mar go dtiocfadh le neamart bheag ar bith beatha daoine a chur i mbaol.
Bhí scrúdú seachtainiúil le déanamh ar an trealamh fosta. Bhíodh orm dreapadh amach ar an jib agus ola agus grease a chur ar rópaí iarainn agus ar bholtanna. Bhí seo go breá ar lá breá gréine ná thiocfadh le fear cuid den ghrian a fháil fosta!
Is beag a shíl mé nuair a chuaigh mé go Londain fá choinne tréimhse i lár na seascaidí go mairfeadh an tréimhse sin ocht mbliana déag agus fiche. Tháinig mé amach as mo chábán sa spéir agus anuas an dréimire don uair dheireanach i mí na Bealtaine i mbliana. Tá mé anois ag baint sult as mo chuid cosa a bheith go daingean ar 'terra firma' agus dár ndóigh bainim sásamh mór as corr chluiche gailf.

Eoghan Ó Luodhóg. (Eoghan Johnny Shéamais).

# Coiste Forbartha Mhíobhaigh

## *Turas na gCurach go hÁrainn Mhór.*

Ag cruinniú de Choiste Mhíobhaigh am éigin i dtús an tSamhraidh smaoinigh muid ar na curacha a iomramh go hÁrainn Mhór. Bhí a fhios againn go raibh seo mar dhúshlán do na rámhaithe agus spreag seo iad. Chuaigh muid i dteagmháil le muintir an oileáin agus bhí siadsan breá sásta ó thaobh an chultúir agus ó thaobh na teanga de mar go raibh ceangal mór idir mhuintir Ros Goill agus mhuintir an oileáin ó am na hiascaireachta scadáin de. Shocraigh muid an turas a dhéanamh i ndeireadh mí Lúnasa mar go raibh na taoidí fóirsteanach ag an am seo.

An darna rud a bhí le déanamh ná foireann a thoghadh agus ní raibh deacracht ar bith le sin mar go raibh, ar a laghad, sé chloigeann déag a bhí sásta a bheith páirteach sa rámhaíocht. Ina measc bhí beirt bhan, Fíona Pasoma agus Caitlín Buntain.



Caithfear a rá go raibh na fir rud beag amhrasach ar dtús ach ní raibh sé i bhfad gur chruthaigh siad muid ciotach mar i ndeireadh na dála bhí siad ina scoth rámhaithe. Sílim féin go bhfuair siad an spreagadh seo ó mhná na Gaillimhe a chonaic siad ag iomramh thall ar Oileán Í. Bhí an traenáil crua ach mar sin féin bhí na foirne uilig ansin mar bhí na curacha amuigh ar an fharraige tráthnóna i ndiaidh tráthnóna, agus go minic Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh fosta. Bhí a fhios againn go raibh an turas seo ag brath go mór ar an aimsir agus go mór mhór ar an fharraige agus mar sin de bhí orainn "Plean B" a bheith againn.



Bhí an t-ádh orainn go raibh Liam Mac Giolla Easpuig a bhfuil bád ribe aige, agus lena chois sin go bhfuil sé ina thraenálaí báid cumhachta, le cuidiú linn. Ba é Liam a leag amach cúrsa na farraige dúinn ó Ché na nDúnaibh go Cé Árainn Mhóir agus bhí an cúrsa seo os cionn deich míle is fiche ar fhad. Tá buíochas mór tuillte aige ó thaobh comhairle agus úsáid a bháid ar an lá agus rinne sé urraíocht léinte ar an fhoireann uilig. Caithfidh muid ár mbuíochas a thabhairt do John Joe Rowland ó Chumann Tumadóireachta Chuan na Long ar son an bád ribe a thabhairt dúinn fá choinne an turas. Bhí na báid seo iontach tábhachtach ó thaobh sábháilteachta de ar an fharraige. Bhí na socraithe ó thaobh lóistín ar an oileán fágtha ag Fíona agus rinne sí sár-jab de.



D'fhág muid Cé na nDúnaibh ar an Aoine 31ú Lúnasa thart fá 8.00 r.n. agus ní raibh muid i bhfad thíos an bhá nuair a bhí a fhios againn go mbeadh "Plean B" le cur i bhfeidhm mar go raibh gaoth láidir aniar aduaidh ann agus buille trom san fharraige. Bhí na foirne

rámhaíochta ag seoladh le chéile ach má bhí féin ní raibh muid ag déanamh mórán talaimh agus de réir a chéile bhí na tonnta agus an ghaoth ag éirí níos láidre agus ba le strácáil mhór a bhain muid Port na Bláiche amach.




Chuir muid na curacha ar ais san fharraige in Ailt a' Choráin agus ag feitheamh orainn ansin bhí bád tarrthála Árainn Mhór agus sheol sí linn as sin go dtí an oileán. Bhí seo ina radharc galánta.



Shroich muid Cé Árainn Mhór thart fán cúig a chlog agus ar an ché bhí scaifte de mhuintir an oileáin agus cuireadh fearadh na fáilte romhainn.





Caithfidh mé a rá go raibh spraoi agus craic againn le bunadh an oileáin an oíche sin agus bhí cúpla pionta tuillte againn fosta.



Ba mhaith linn ár mbuíochas a thabhairt d'Údarás na Gaeltachta a chur maoiniú ar fáil dúinn don turas seo, agus d'achan duine a chuidigh linn ar dhóigh ar bith.

*Bhí a gCruinniú Cinn Bhliana ag Coiste Forbartha Mhíobhaigh sa Síbín Ceoil ar an Chéadaoin, 19ú Meán Fómhair agus bhí scaifte mór i láthair. Toghadh an coiste nua don bhliain seo chugainn le Seosamh Ó Domhnaill mar chathaoirleach, Antoin Mac Giolla Bhríde mar leas chathaoirleach, Máire Uí Ghallchóir mar chisteoir, Mícheál Mac Giolla Bhríde mar rúnaí, Fíona Pasoma mar leas rúnaí, Tomas Ó Cléide agus Mícheál Ó Dochartaigh mar oifigigh caidrimh poiblí agus Seán Mac Giolla Bhríde mar oifigeach na Gaeilge. Thug an Coiste seo buíochas d'oifigigh an Choiste dheireanaí as an sárobair a rinne siad. Dúirt an Cathaoirleach go mbeadh an coiste seo ag leanúint agus ag cur leis an sárobair seo. Beidh cruinniú den choiste go luath le fadhbanna na háite a phlé agus ansin plean fadtéarma agus gearrthéarma a chur le chéile. Casfar le húdaráis agus polaiteoirí áitiúla le tacaíocht a chuardach leis na pleananna seo a chuir i bhfeidhm. Tá an geimhreadh ag teacht agus tá súil againn go mbeidh muid ag toiseacht gan mhoill ar thograí ina mbeidh scileanna traidisiúnta na háite a athbheochan inár dteanga dúchais féin.*

Beidh fáilte roimh achan duine.

# Feadaímó

Níor tharla mórán i saol Feadaímó ar feadh cúpla bliain i ndiaidh 'cogadh na mbáillí' mar a tugadh air go háitiúil.

Fuair a sheanathair Domhnall bás agus leis an fhirinne a rá níor chuir sin isteach ná amach ar Fheadaímó. Is fear cantalach, cancrach, callánach a bhí ann go háirithe nuair a bhíodh sé ag dul don phoitín rud a bhí go minic. Ní hamhlaidh a bhí a sheanmháthair. Ba dhuine beag pléisiúrtha tuisceanach a bhí inti agus ní raibh sí riamh gan scéal suimiúil ar bharr a goib aici. Níor chuir bás a fear céile cosc ar bith ar na scéalta uaithi agus de thairbhe sin de, thiocfadh baicle comharsan ag airneál achan oíche le héisteacht lei.

Bhí dúil mhór ag Feadaímó sna scéalta seo agus ba chuma leis faoi cá mhéad uair a chluinfeadh sé iad. B'iomaí oíche a shuí sé sa chomhluadar seo agus gan iomrá ar bith fá chomh mall is a bhí sé, mar is teaghlach a bhí i gclann Uí Gallchobhair nach deachaigh na luí róluath.

Bhí Feadaímó anois ocht mbliana déag d'aois agus é ina fhathach d'fhear ag tarraingt ar shé throigh go leith. Le himeacht na mblianta bhí dualgas na hoibre ag titim níos mó agus níos mó ar a ghuaillí láidre; go hairithe ó ghortaigh a athair a dhroim. Tharla sin dó agus é ag iompar curach ar a dhroim thíos ar an Mheall Mhór. Bhuail rois gaoithe go fabhtach é agus bhain sé casadh as a dhroim.

Ní hé Paidí Dhomhnail an chéad fhear a gortaíodh ag dul don iascaireacht agus is é'n dearcadh a bhí ag na daoine ag an am sin ar mhí-ádh mar seo ná gurb é toil Dé é agus nach raibh neart air. Déarfadh siad paidir, rachadh an saol ar aghaidh agus ghlacfadh siad le cibé a thiocfadh ina dtreo. Cibé ar bith amach ón ghortú a fuair sé, bhí achan rud ag dul ar aghaidh go maith faoi dhíon Phaidí Dhomhnail agus níor chuir cruachás an saoil isteach barraíocht orthu mar, dar ndóigh, bhí siad uilig breá cleachtaithe leis.

Maidin amháin i ndiaidh oíche bhreá airneáil bhí Feadaímó ina chnap codlata nuair a chuala sé duine inteacht ag glao air i gcogar ach níor thug sé aird ar bith air. Caithfidh gurb ag aislingeacht a bhí sé mar cha dtiocfadh leis an mhaidin a bheith sa mhullach air chomh tapa sin. Bhí sé i ndiaidh lá fada a chaitheamh ar an phortach an lá roimhe sin ag gróigeadh móna agus dar leis féin, go raibh scíste beag tuilte aige. Chuala sé an cogar arís, "a Fheadaímó, éirigh a Fheadaímó". Bhí Feadaímó ina luí ar shopachán i lochta na cistine agus d'oscail sé leathshúil. Bhí an oíche dubh dorcha go fóill agus chuala sé srannfach íseal a sheanmháthar thíos faoi sa chlúdaigh. Fuaim shocair, shásta, shuaimhneach a bhí ann agus mhéadaigh sé an fonn codlata a bhí air féin. Lig sé osna uaidh, tharraing sé an seanbhlaincéad thar a cheann agus thit sé 'na chodladh. Tháinig an scairt arís, níos airde an t-am seo, "a Fheadaímó, éirigh a deirim leat". D'aithin sé glór a mháthair, shuí sé agus labhair sé i gcogar léi.. "Cad é atá ciotach?"

"Caithfidh tú éirigh," a dúirt sí. Tá Proinsí Rua i ndiaidh scéal a chur chugainn nach dtig leis dul chuig an aonach inniu, mar go bhfuil tinneas bráid air. Bhí Feadaímó ar tí cúpla focal oiriúnach a rá faoin scéal úr seo nuair a chuimhnigh sé gur lena mháthair a bhí sé ag caint agus tharraing sé ar ais iad ó bharr a ghoib. " Sin drochscéal, a mháthair", a dúirt sé, agus chan bréag ar bith sin d'Fheadaímó. Bhí a fhios aige cad é a bhí ag teacht agus go mbeadh airsean dul chun an aonaigh leis an bhó ghorm. Rinne sé iarracht cróga smaoineamh ar leithscéal ar bith a ligfeadh dó fanacht sa leaba ach ar an drochuair níor tháinig ceann ar bith chuige. "Seo, a Fheadaímó, léim amach, beidh ortsa dul suas go Carraig Airt leis an bhó ghorm. Beidh an lá ag bánú am ar bith agus ghlacfá bheith ar an bhealach mhór roimhe sin le suíomh a fháil i lár an bhaile. "Maith go leor, a mháthair, beidh mé síos díreach". Chuala sé a mháthair ag dul síos an dréimire agus chaith sé dó an blaincéad.

Bhí ceobhrán na maidine le feiceáil ar bharr Gháinne nuair a scaoil Feadaímó saor an bhó ghorm agus thiomáin sé roimhe í amach as an bhóitheach. Chuala sé fuiseog thíos faoi i bpáirc a' tobair agus bhí gach cosúlacht ann go mbeadh lá ar dóigh faoin taobh seo tíre. De ghnáth bhainfeadh Feadaímó sult as an cineál seo maidine ach bhí lear rudaí ar a intinn agus is ró-mhaith a thuig sé tábhacht ghnó an lae inniu. I gcionn coicíse bheadh cíos na bliana le híoc ach ba geimhreadh fada crua a d'fhulaing siad in iar-thuaisceart na tíre. Le cois an droch aimsir bhí a athair gortaithe agus de thairbhe sin bhí ganntanas na bpingine níos measa ná mar a bhíodh de ghnáth ag an teaghlach. Bhí cothú dhá bhó ar thalamh s'acu gan buaireamh ar bith agus ba ábhar bróid é a leithéid a bheith acu, ach bhí an cíos le híoc agus bhí íobairtí le déanamh. B'iomaí uair a bhí Feadaímó ar an aonach i gCarraig Airt ach ba rud úr ar fad a bhí ann dó ainimhe a dhíol, agus don chéad uair mhothaigh sé go raibh laigeacht i muinín s'aige dul i ngleic leis na ceannaitheoirí cliste eolacha a d'fhreastal ar na haontaí. Luath is eile is a d'fhág sé bhí an t-ádh ar Fheadaímó suíomh a fháil i lár an bhaile mar bhí an áit plódaithe ag dul isteach dó.

Bhí na stainnníní margaidh uilig thuas cheana ar thaobh amháin den tsráid agus bhí na hainimhithe ar an taobh eile. Bhí sé soiléir dó nach raibh spás ar bith fágtha agus go mbeadh air an bhó a thabhairt leis agus suíomh a fháil thíos ar an trá. Ní tús maith ab ea seo mar anois bheadh air fanacht go mbeadh formhór na n-ainimhithe díolta sula bhfaigheadh ceannaitheoir a fhad leis ar chor ar bith.

Ghabh sé a leithscéal le fear a bhí ina sheasamh roimhe le cráin muice agus thug sé a aghaidh ar an trá. Le sin chuala sé scairt agus thiontaigh sé. Bhí beirt as Doire a Chosán, Néill Dhoncha Mhóir agus Séamaí Sheáin Óig ina sheasamh taobh le taobh agus bó le achan fhear. "Seo", a Fhéadaímó, "brúigh isteach anseo idir an bheirt againne", a dúirt Néill, nó ní fheicfidh tú an baile arís inniu. Bhí lúcháir ar Fheadaímó mar shábhálfadh seo é ón seasamh fada ar an trá. An dóigh seo, dá bhfaigheadh sé an bhó díolta measartha luath bheadh an lá iomlán aige le sult a bhaint as an aonach.

"Faoi Dhia, a fheara", a dúirt sé leo. "An ndeachaigh sibh a luí aréir ar chor ar bith? "Leoga", a dúirt Néill. " Ní mórán de chodail a fuair muid. Tá rudaí teann i mbliana agus tá achan duine ag iarraidh luach an chíosa a bheith acu. Chuala muid nach bhfuil ach an leithscéal a dhíobháil anois le muid a chaitheamh amach". "Ceart

agat" a dúir Séamaí, d'fhág beirt as Doire a' Chosán Beag arú inné, d'imigh siad go Liverpool, ag cuardach oibre. Muna dtagann cúpla scilling uathu cineál gasta ní bheidh baile acu le pilleadh ar ais chuige". "B'fhéidir gur chóir dúinn seasacht in éadan na mbáillí arís", dúirt Feadaímó. "Chuir Néill a lámh ar a ghualainn. "Cha dtig linn a ghasúir, d'obair sin uair amháin agus bhuail muid iad. Ni tharlóidh a leithéid arís. Bíonn na cótaí dearga leis na báillí anois achan áit. Cha mhairfeadh muidinne cúig bhomaite in éadan gunnaí s'acusan". "Amharc cad é tharla thíos a' tír scór bliana ó shin", dúirt Séamaí. D'éirigh siad amach i Loch Garman agus sna háiteacha sin agus maraíodh na mílte acu". "Goileann sé orm", dúirt Feadaímó, go gcaithfidh muid glacadh le achan rud agus gan muid ábalta a dhath a dhéanamh". Chaith Néill seile uaidh agus chuir sé a phíopa ina bhéal arís. "Caith uait an cineál sin cainte, a ghasúir, ní bhfaighidh tú áit ar bith léi. Nuair a buaileadh Napoleon ba sin deireadh le saoirse dúinne sa tír seo. Níl na gunnaí againn agus ní fiú a dhath croí atá lán de chrógacht in éadan piléir. Amharc thart ort, an bhfeiceann tú an slua atá anseo cheana, eh? Char thriomaigh drúcht na maidine go fóill. An síleann tú gur ag smaoineamh ar shaoirse atá siad uilig? Bhuel, chan ea. Bia agus teas díofa féin agus don teaghlach agus sagart ag uair a mbás; sin é na rudaí a chuireann isteach ar na daoine seo. Ach, níos tábhachtaí na sin uilig tá an cíos. An cíos, a bhráthair, sin é tús agus deireadh an scéal, agus tá sé mar an gcéanna dúinn uilig. Gan an cíos bheadh muid náirithe, agus sin é an rud, a Fheadaímó, a ghortaíonn ár muintirse níos mó na rud ar bith eile. Glacfaidh muid leis an fhuacht agus an fhearthainn; ní ligfimid don ocras nó don chruachás muid a bhuaileadh, ach níl muid ábalta unsa náire a fhulaingt. Fear gan an cíos? Is amuigh ar an acra fada a bheadh sé. Cá fhad a mhairfeadh teaghlach s'aige gan foscadh sa tír seo. Is bacaigh bóthair a bheadh iontu agus ní bheadh meas madaidh ag aon duine orthu nó ar a n-ainm. Sin an tuige go bhfuil an triúr againne inár seasamh i gCarraig Airt leis na seanbha seo. Tá cíos punt agus cúig scilling le bailiú agamsa agus beidh an t-ádh orm an méid sin a fháil ar an bhó seo". D'amharc Feadaímó ar an bhó agus d'aithin sé gur bó a bhí inti a chonaic geimhreadh nó beirt de bharraíocht. Ni raibh bó Sheamaí mórán níos fearr agus thug sin uchta d'Fheadaímó mar ag fágáil an bhaile dó níos luaithe bhí sé rud beag imníoch fá chuma na bó goirme. Cé gur bó mhaith bainne a bhí inti go fóill, chan bó í a chuirfeá isteach i gcomórtas an aonaigh. Bhí a craiceann briste garbh in áiteacha a raibh sí a tochas féin in éadan na gcarraigeacha garbha cois farraige. Bhí an adharc chlé briste di, rud a chur cineál de longadán lena ceann agus í ag bogadh thart agus bhí lag ina droim le haois a chuir cruth íseal uirthi. Ní raibh ribe fionnaidh fágtha ar rúbail s'aici ag madaí an bhaile agus le rudaí a dhéanamh níos measa, i ndiaidh an tsiúil fhada go Carraig Airt bhí sí rud beag bacach. Ach, sin an dóigh a bhí sé agus de réir cosúlachta chan leis féin a bhí sé. Má bhí orthu bó a dhíol is iad na seanbha a dhíoladh siad mar dá gcaillfeadh siad an bhó óg bheadh siad san fhaopach i gceart. Is uathu sin a fuair siad a mbainne, a gcuid ime agus an gamhain achan bhliain. Bhí na smaointe seo uilig ag teacht is ag imeacht ar Fheadaímó nuair a labhair Néill arís. "Amharc seo ag teacht" a fheara. D'amharc Feadaímó agus Séamaí suas an tsráid áit a raibh an slua ag déanamh a mbealach. Bhí cúpla ceannaitheoir i mbun oibre agus thart orthu siúd i dtólamh bhí scaifte a lean iad ó thús go deireadh an lae más cainteoir ábalta cliste a bhí ann. Ba sin an craic a bhí ar an aonach dóibh sin mar bhíodh coimhlint na bhfocal idir an ceannaitheoir agus an díoltóir ina spóirt ar dóigh go háirithe nuair a bheadh an fear áitiúil ina fhear gasta aibí. Cóir uair nuair a bheadh babhta maith ag dul ar aghaidh rachadh an scéal thart ar an aonach agus bhailíodh an slua. Sheasfadh siad thart ansin ag éisteacht le achan fhocal idir an bheirt mar bheadh na freagraí is fearr mar ábhar scéil acu amach anseo agus iad amuigh ag airneál. Chonaic Feadaímó an ceannaitheoir seo le hata mór ard air agus bata draighin ina lámh aige ag tarraingt orthu. D'aithin sé Ambrose Mór a' Lagáin mar ba mhinic a lean sé féin é agus é i mbun gnó an cheannaitheora. Níor sheachain na boic seo achrann ariamh, is cuma fá cé chomh glic is a bhí na díoltóirí, ach anois is arís chífeadh siad duine a mbeadh faitíos air agus dhíreodh siad isteach air chun ábhar magaidh a dhéanamh dó ach fosta chun an oiread sin aird a tharraingt ar an duine bocht is go ndíolfadh siad an t-ainmhí ar leath a luach. Shuí súil ghéar Ambrose ar Fheadaímó ach thiontaigh Feadaímó agus labhair sé ar nós cuma liom le Séamaí agus san am chéanna é ag urnaí ina chroí go siúlfadh Ambrose thairis. Ní achan phaidir a fhaigheann freagra agus bhí neamhaird na bhflaithis soiléir nuair a bhuail dorn mór cnag ar a ghualainn agus d'aithin Feadaímó guth Ambrose. "Bhuel, bhuel anois, cén fear mór é seo"? D'amharc Feadaímó isteach sna súile ar Ambrose agus bhí sé réidh le freagra a thabhairt air nuair a thug sé faoi deara cailín óg ag amharc air ó imeall an tslua. Stad a anáil ina bhráid mar ní fhaca sé ariamh cailín chomh dóighiúil léi. Bhí gruaig chomh dubh leis an fhiach mar luan thart ar a haghaidh, bhí a súile chiardhonna ag lonradh le beocht agus bhí miongháire ar a béal a tharraing aird Fheadaímó go hiomlán uirthi. Mhothaigh Feadaímó a aghaidh ag lasadh faoi shúile an chailín seo agus theip air focal a rá. Níor thug Ambrose a dhath de seo faoi deara agus shil seisean gur eagla a bhí ar Fheadaímó agus gur deis a bhí anseo dó tús maith a chur le haonach Charraig Airt. "Amharc seo, a dhaoine uaisle, tá balbhán anseo ag díol ainmhí de shórt éigin. Bea unicorn atá ann"? Thosaigh beirt nó triúr ag gáire, mar ní raibh a fhios ag an mhórchuid acu cad é 'n rud é unicorn. "Sea", a dúirt Ambrose, unicorn, ainmhí a bhí ina chónaí fadó, fadó, agus de réir cosúlachta bhí an bhó seo ina cónaí fadó, fadó fosta. Bhris an gáire ar achan duine ansin agus tharraing an callán tuilleadh de lucht an aonaigh. Bhuail Ambrose buille eile ar ghualainn Fheadaímó a chur é ar ais coiscéim, "hoi, a ghasúir, tá mé ag caint leat". Bhris an buille an draíocht ina raibh Feadaímó gafa ann ach sular labhair sé scairt Néill ar Ambrose. "Fág an boc óg a Ambrose, labhair liomsa agus bhéarfaidh mé do sháigh duit". Thóg Feadaímó a lámh, "fág é, a Néill, thig liomsa m'fhód féin a chosaint". Gan choinne bhuail sé cnag ar ghualainn Ambrose a chur eisean ar ais píosa fosta.

"Labhair leat a ghuilpín gan mhúineadh", a dúirt

Feadaímó, "tá mé ag éisteacht leat anois".
Beidh an chuid eile den scéal sa chéad eagrán eile.

**COISTE FORBARTHA CHARRAIG AIRT.**

Oíche Cheoil
in Óstlann Charraig Airt

Dé Sathairn seo chugainn an 27ú Deireadh Fómhair ón 10.00 i.n.

Cead isteach : Saor in aisce.

Beidh solaistí ar fáil. Oíche mhaith geallta.

Bígí ann.

Beidh Cruinniú Cinn Bhliana an Choiste in Óstlann Charraig Airt ar an Luan, an 29ú Deireadh Fómhair ag a 8.00 i.n.

Iarrtar ar gach ball bheith i láthair.

Beidh moltóireacht a dhéanamh ar chomórtas "An Baile Beo" ar an 8ú Samhain agus fógrófar torthaí an chomórtais "Bród na hÁite" i gCathair na Mart ar an 10ú Samhain.

An tslait a chrionas le haois is deacair í a shníomh ina gad.

*Aithnítear carad i gcruatan.*

**_Nuala na gCuacha Buí._**

*Bhí gleann beag deas i bhfolach i measc cuid sléibhthe Dhún na nGall,*
*'S cailín óg 'na cónaí ann a's a clú gan smúid gan smál;*
*'S Micheál Mór, ó Ghleann na Sméar, a sciob ar shiúl a croí,*
*A's a bhaist le bród ar an chailín óg Nuala na gCuacha Buí.*

*Ba mhodhúil, fiúntach, macánta a shiúlfadh sí an ród,*
*Bhí a coiscéim éadrom aigeantach mar choi-scéim Oisín Óig;*
*Bhí a súile glinn a's a béilín binn chomh binn le ceolta sí,*
*A's bhí meas a's grá ag sean a's óg ar Nuala na gCuacha Buí.*

*Leag bodach ar an bhaile mhór a shúil ar Nuala Bhán;*
*Bhí aige ór a's saibhreas mór le stórtha líonta lán,*
*A's d'iarr sé ar a hathair í, a's fuair sé í mar mhnaoi,*
*Ach dheaman 'e gheall, nó taobh nó toil ó Nuala na gCuacha Buí.*

*Ar maidin lá na bainise rinne an bodach féasta mór,*
*A's d'imigh leis 'un a' tSéipéil Úir le cuideachta go leor;*
*Bhí an sagart ann a's d'fhiafraigh sé don bhodach "Cá bhfuil do mhnaoi?"*
*Ach abhus nó thall ní raibh le fáil Nuala na gCuacha Buí.*

*Cois abhainn álainn Ghleann na Sméar le blátha a' tsamhraidh lán,*
*'S ag barr a' Ghleann faoi scáth na gcrann tá cró beag seascair bán;*
*'S ní labhartar ann ach Gaeilg' bhinn a chuirfeadh aoibhneas ar do chroí,*
*'S cé cónaíos ann ach Micheál Mór a's Nuala na*

*Muintir Pháidí Óig..*

Seo cuntas gairid ar mhuintir Pháidí Óig as Gleann Raithnigh, nó Gleann Úraí. Dream righin, tacúil agus miotalach a bhí iontu agus bhí siad maith ag troid le bataí draighin.

Bhí Páidí, Donnchadh, Dan agus a ndeirfiúr Bidí ina gcónaí sa tseanbhaile. Bhí Micí agus deirfiúr eile thíos ar an Mheall Mhór. Bhí fear eile acu, Fardie, i nGort na Luchóg, agus deirfiúr eile pósta ar Jimmí Pháidí Nuala (Mac a' tSaoir) as Fánaid. Bhí mac acu, Séamas, (mar a deir siad "Mac a'tSaoir"), a chaith cuid mhór dena chuid ama i nGleann Úraí, fear a raibh scread go bráth ina ghlór.

Fir mhóra throda a bhí iontu agus is minic a shiúil siad go dtí Aonach Dhún na nGall agus síos go dtí Dún Chionn Fhaola le troid le dreamanna eile fear crua cosúil leo féin. Gheobhadh siad greim ar na bataí lár báire agus dá réir sin bhéarfadh siad súisteáil nó buille duit ón dá thaobh den bhata. Nach iad a bhí fabhtach.

Fear mór láidir toirteach a bhí in John Bán (Ó Gallchóir) as an Ghlíob. Thit sé amach le muintir Pháidí Óig. Níl a fhios agam cáide a ba chiontaí leis an racán. Cibé, thug siad súisteáil go bráth do John thiar i Lag an Abair agus deir siad dá mbeadh sé ar dhóigh ar bith lag go mbeadh a ghnoithe aige!

Bhí cás cúirte ann agus is dócha go bhfuair sean Pháidí Óg "próiste": Sin an dóigh a chuirfí síos ar scairt 'na cúirte (summons). An oíche roimh an chúirt bhí cruinniú ag muintir Pháidí Óig iad fhéin. An cuntas a tháinig as an chruinniú sin ná go raibh sean Pháidí le dul chun na cúirte agus fianaise bréige a mhionnú go dtí go dtiocfadh an diabhal aníos as ifreann agus na hiallacha a ithe amach as a chuid bróg. Sin fear fírinneach sa chúirt!.

*Meitheal treafa ag muintir Pháidí Óig.*

Bhí m'athair mór, Donnchadh Mhícheáil ar mheitheal treafa ag Páidí Óg. Chuaigh ceathrar de mhuintir Pháidí Óig go dtí teach Joyce, ar an Mhachaire Bheag agus d'iompair siad dhá sheisreach mhiotail ar a gcuid guaillí suas chosán Bhaile an tSléibhe, trasna na gcnoc go dtí an chuibhreann a bhí le treabhadh. An gcreidfeá, nuair a bhí siad réidh sa tráthnóna, gur iompair siad na seisreacha ar ais go dtí teach Joyce ar an Mhachaire Bheag. Nach iad a bhí láidir agus righin.

Ag am an tae bhig bhí sean Pháidí ina shuí ar cheaig poitín i lár na cistine agus fuair gach fear den mheitheal stópa nó gogán poitín le hól. Bhí an stópa agus an gogán déanta amach as adhmad, cosúil le tobán beag nó buicéad. Bhí pota uibheacha bruite ag Bidí agus toirtín mór de mhin bhuí déanta aici. Lena chois sin bhí arán min coirce aici a bhí déanta ar an ghrideall os cionn na tine. Bhí cearc ghoir ina rith thart le heala óg ina diaidh. Bhí buinneach ar an chearc agus chac sí práp bog ar chladach nó leac na tine. Thóg Bidí sluasaid luaithe amach as gríosach na tine agus chaith sí é ar an phráp bog caca.

****

I ndiaidh sean Pháidí agus cuid eile acu bás a fháil, bhí Bidí agus Mac a tSaoir (Séamas) beo féin. Bhí Bidí lán piseog. Bhí teach Pháidí Mhádgie in aice le teach Bhidí. Bhí Páidí Mhádgie pósta ar Ghracie John Pháidí as Baile na Deora. Deir siad nach raibh Bidí agus Gracie ag fáil ar aghaidh go maith le chéile ó am go ham. Nach maith an mhaise do mhuintir óg an lae inniu an seanghnás seo a choinneáil beo ó am go ham. Bhí bó ag Bidí i ndiaidh gamhna a bheith aici agus bhí an bhó agus an gamhain tinn. Bhí Bidí den bharúil gur thug Gracie John Pháidí, a comharsa, drochamharc ar a bó agus a gamhain. Bhí Bidí amuigh ag binn an tí agus scála uisce beannaithe agus dos fraoigh aice, ag caitheamh an uisce beannaithe suas ar theach Ghracie (nó teach Phaidí Mhádgie) agus i ag scairteadh go hard "Go gcuire Dia agus an Mhaighdean Mhuire an drochuair agus an drochamharc tharainn".



*Tá an teach seo ar cheann de na tithe atá ar líosta Chomhairle Chontae Dhún na nGall ina molann siad nach mbainfí de. Beidh cuntas againn ar an obair agus ar an athchoiriú a rinneadh ar an teach seo sa chéad eagrán eile.*



# An Gunna Mór



Tá an Gunna Mór bainte den bhád mhórcháiliúil an Laurentic (The Gold Ship)

Bhí slua mór de thrí chéad duine i láthair ar na mallaibh ar ché na nDúnaibh le hócáid stairiúil a fheiceáil a cheiliúradh nuair a tógadh aníos gunna mór de chuid *an Laurentic* a bhí ina luí ar ghrinneall na farraige le nócha bliain.



Is le linn an Chéad Chogadh Mór Domhanda (1914 –1918) nuair a bhí úsáid a baint as an *White Star Liner* seo le lasta óir a iompar trasna an Aigéin Atlantaigh ó Learpholl, Shasana go Nova Scotia i gCeanada gur bhuail mianach ar snámh í agus a rinne sáinn bháis di ar an 25ú Eanáir 1917. Bhí 754 duine ar bord an oíche sin agus cailleadh níos mó ná a leath acu.

Foireann de cheithre chloigeann déag fear de chuid tumadóirí na nDúnaibh a thug an gunna slán go barr. Ní éacht éasca ar bith a bhí ann, ar ndóigh, mar bhí creatlach an bháid mhóir seo ina luí ag doimhne de dhaichead méadar síos agus í trí mhíle amach ón chósta ó thuaidh de Theach Solais Cheann Fhanáide. Tá an gunna í féin 10.2 tonna meáchain agus é níos mó na seacht meadar ar fad.

Ba iad Caoimhín Mac Seáin, Mícheál Mac Giolla Bhríde, Eoghan Ó Fogartaigh, Ivan Mac Irbhín, Seosamh Ó Duibheannaigh, Liam Mac Giolla Easpuig, Mícheál Ó Dochartaigh, Ivan Ó Cearraigh, Cathal Mac Giolla Bhríde, Mícheál Mac A' Bhéatha, Tomás Mac Caomhánaigh,



Nollag Mac Seáin, Éamonn Ó Dochartaigh agus Seán Ó Dochartaigh baill an ghrúpa a thug faoin dualgas an gunna mór a thógáil aníos.

Ghlac an sochar seo trí bliana daofa idir an suíomh a mheas, an gunna a scaoileadh saor ón bhád, slabhraí a chur thart ar an ghunna, mála



aer speisialta a fháil déanta, deireadh a cheangail le chéile agus a chur go barr lena tharraingt i dtír.

Anuas tríd na blianta, tá tarraingt faoi leith ag an súiomh seo i measc mhórán tumadóirí mar






I láthair ar an ché, nuair a bhí siad ag tabhairt an gunna i dtír, bhí Roy Cossum – úinéir an bháid agus bhronn sé an gunna ar Phobal na nDúnaibh. Tá sé i gceist anois an gunna a ghlanadh agus é a chur ar taispeántas buan thíos thart fán ché.

*Seosamh Ó Duibheannaigh*
*Rann na Feirste*

go bhfuil sé ráite go bhfuil 20 barra óir agus roinnt mhaith boinn luachmhara scaite thart fá thóin na farraige go fóill. Nuair a chuaigh *an Laurentic* go tóin poill bhí lasta de 35 tonna óir ar bord. Thug rialtas Shasana faoin ór seo a tabhairt slán arís. Faoin Chaftaen Damant ar bord *an Racer* d-éirigh leo 3,186 barra a fháil. Arís i 1931 tháinig an Malet Salvage Co. ar chúig cinn eile de bharraí óir ach ó shin i leith ní bhfuarthas aon scéal faoi an 20 barra eile. Is fiú €300,000 an ceann iad inniu.






*Mar atá le feiceáil ón méid atá scríofa os cionn an phictiúr ba seo Príomhshráid na nDúnaibh lá den tsaol.*